Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

An Bhruiséil, 28 Feabhra 2024

CM 1809/24

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2023/0199(COD)**
**2023/0200(COD)**
**2023/0201(APP)**

**CODEC**
**CADREFIN**
**POLGEN**
**FIN**
**COEST**
**UA PLATFORM**
**ELARG**
**NDICI**
**RELEX**
**ECOFIN**
**PROCED**
**TELECOM**
**CYBER**
**COMPET**
**RECH**
**CLIMA**
**ENV**
**INDEF**
**POLMIL**
**SOC**
**COH**

# TEACHTAIREACHT

**AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN**

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | codecision.adoption@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32.2.281.4085 |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027<br>Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin (**an chéad léamh**)<br>Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (‘STEP’) agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE, Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (**an chéad léamh**)<br>Toradh an nós imeachta i scríbhinn arna thionscnamh le CM 1808/24<br>– Glacadh na ngníomhartha reachtacha<br>– Formheas na ráiteas<br>**=DEIREADH AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN** |

Delegations are informed that the written procedure, opened by CM 1808/24 of 28 February 2024 and prolonged by CM 1808/1/24 REV 1 was completed on 28 February 2024 at 17h42 and that:

1. All delegations voted in favour of the adoption of the draft Council Regulation amending Regulation (EU, Euratom) 2020/2093 laying down the multiannual financial framework for the years 2021-2027, as set out in ST 5818/24 + REV 1 (it) + COR 1 (it) + COR 2 (de).

   The required unanimity has been reached. Therefore, the above act is adopted.

2. All delegations voted in favour of the approval of the accompanying draft joint statement by the European Parliament, the Council and the Commission and of the draft Council statements set out in ST 6712/24 ADD 1.

   The required unanimity has been reached. Therefore, the above accompanying statements are approved.

3. All delegations voted in favour of, except for Hungary that abstained, the adoption of the draft Regulation of the European Parliament and of the Council establishing the Ukraine Facility, as set out in PE-CONS 10/24.

   The required qualified majority has been reached. Therefore, the above act is adopted.

4. All delegations voted in favour of, except for Hungary that abstained, the approval of the accompanying draft joint statement by the European Parliament and the Council and of the draft joint statement by the European Parliament, the Council and the Commission set out in ST 6712/24 ADD 2.

   The required qualified majority has been reached. Therefore, the above accompanying statements are approved.

5. All delegations voted in favour of, except for Germany that abstained, the adoption of the draft Regulation of the European Parliament and of the Council establishing the Strategic Technologies for Europe Platform (‘STEP’), and amending Directive 2003/87/EC and Regulations (EU) 2021/1058, (EU) 2021/1056, (EU) 2021/1057, (EU) No 1303/2013, (EU) No 223/2014, (EU) 2021/1060, (EU) 2021/523, (EU) 2021/695, (EU) 2021/697 and (EU) 2021/241, as set out in PE-CONS 11/24.

   The required qualified majority has been reached. Therefore, the above act is adopted.

The statements by the European Commission and by the Member States are reproduced in the Annex to this CM.

The above statements will be included in the summary of the acts adopted by written procedure as statements to be entered in the Council minutes, in accordance with the third subparagraph of Article 12(1) of the Council’s Rules of Procedure.

**IARSCRÍBHINN**

**Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin**

**Dearbhú ón gCoimisiún maidir lena shainphribhléidí institiúideacha i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid faoi chuimsiú na Saoráide don Úcráin**

Meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil sé fós de fhreagracht air, faoi Airteagal 17 CAE agus Airteagal 317 CFAE, an buiséad a chur chun feidhme, agus go bhfuil sé sin mar chuid dá shainphribhléidí institiúideacha faoi na Conarthaí. Measann sé go mbaineann na cinntí i ndáil le híocaíochtaí leis an Úcráin faoin tSaoráid don Úcráin le cur chun feidhme an bhuiséid sin.

Is oth leis an gCoimisiún go ndéantar foráil leis an téacs a chomhaontaigh an comhreachtóir maidir le cinntí cur chun feidhme ón gComhairle faoi Airteagal 291 CFAE chun na bearta seo a ghlacadh. Measann sé go bhféadfaí seasamh leis an réiteach a chomhaontaigh na comhreachtóirí ar bhonn eisceachtúil i bhfianaise imthosca sonracha na Saoráide don Úcráin – ionstraim aonair mheántéarmach a bhfuil fíorthábhacht gheopholaitiúil ag baint léi agus atá curtha in oiriúint don éiginnteacht agus don dúshlán nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do thír le linn cogadh a bhfuil impleachtaí díreacha aige do shlándáil an Aontais.

Níor cheart a mheas gur fasach é an réiteach seo le haghaidh aon chlár caiteachais eile de chuid an Aontais.

**Ráiteas ó Phoblacht na Bulgáire**

Measann Poblacht na Bulgáire go bhfuil an-tábhacht ag baint le cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint. Tá an tír tiomanta dá gealltanais maidir le cearta an duine, agus leanfaidh sí de bheith tiomanta dóibh.

De réir Chinneadh Uimh. 13/2021 agus Chinneadh Uimh. 15/2021 ó Chúirt Bhunreachtúil Phoblacht na Bulgáire, is tagairt an téarma 'inscne' sa chóras dlí náisiúnta don dá ghnéas – an baineann agus an fireann – atá sainithe ó thaobh na bitheolaíochta de.

Dá bhrí sin, i gcomhréir leis na Cinntí thuasluaite ón gCúirt Bhunreachtúil, i ngach foráil dlí ina dtagraítear don téarma 'comhionannas inscne', measann an Bhulgáir gurb é is brí leis an téarma sin 'comhionannas idir mná agus fir', mar a shonraítear sna comhluachanna do na Ballstáit (de réir Airteagal 2 CAE).

**<u>Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (‘STEP’) agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE, Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241</u>**

**Ráiteas comhpháirteach ón nGréig, ón Spáinn, ón Iodáil, ón gCipir, ón Ungáir, ó Mhálta, ón Rómáin, ón tSlóvaic**

Tugann an Ghréig, an Spáinn, an Iodáil, an Chipir, an Ungáir, Málta, an Rómáin agus an tSlóvaic dá n-aire an fhoráil atá in Airteagal 14, mír (3) lena leasaítear Airteagal 135 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 [Rialachán na bhForálacha Coiteanna] trína bhunú nach rachaidh acmhainní a aisíocfaidh an Coimisiún mar íocaíochtaí eatramhacha in 2025 thar 1 % de na leithreasuithe airgeadais in aghaidh an chiste agus nach n-íocfar sna blianta ina dhiaidh sin méideanna a sháraíonn an céatadán sin ach go n-úsáidfear iad go heisiach chun réamh-mhaoiniú a imréiteach. Ina theannta sin, tugaimid dár n-aire aithris 26 ina luaitear gur cheart uasteorainn a chur le híocaíochtaí in 2025 ‘chun cur chun feidhme fónta bhuiséad an Aontais agus urraim do na huasteorainneacha íocaíochta a áirithiú’.

Cuirimid in iúl gur cúis imní dúinn go bhféadfadh an fhoráil sin a bheith ina cúis le mainneachtain acmhainní comhtháthaithe a aisíoc, ar bhonn cúiseanna buiséadacha, ar acmhainní comhtháthaithe iad a caitheadh go rialta, rud a chuirfeadh aisíocaíochtaí leis na críocha is leochailí i mbaol. Cuirimid i bhfios go láidir gur cheart d’uasteorannú mar sin a bheith eisceachtúil, i bhfianaise na staide eisceachtúla atá ann faoi láthair ó thaobh na híocaíochta de, agus nár cheart é a mheas mar fhasach chun acmhainní comhtháthaithe a bhainistiú amach anseo.

**Ráiteas comhpháirteach ón Danmhairg, ón nGearmáin, ó Éirinn, ón Ísiltír, ón Ostair, ón bhFionlainn, ón tSualainn**

Cuireann an Danmhairg, an Ghearmáin, Éire, an Ísiltír, an Ostair, an Fhionlainn, agus an tSualainn i bhfios go láidir go bhfuil raon feidhme agus athruithe a rinneadh ar na cláir atá ann cheana neamhghnách, teoranta don tréimhse ó 2024 go 2027, agus nach dochar iad do chláir ná do rialacha buiséadacha sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil iar-2027. Ina theannta sin, is cúis imní dúinn raon feidhme leathnaithe STEP agus na hiarmhairtí a bhaineann leis maidir le héifeachtacht na hionstraime.

---